Fóram Leas-Sealbhóirí an Rialálaí Carthanas

Dáta: 22 Bealtaine 2023

Láthair: An Rialálaí Carthanas, Duga Sheoirse, Baile Átha Cliath 1, agus go fíorúil

Tionóladh cruinniú tionscnaimh Fhóram Leas-Sealbhóirí an Rialálaí Carthanas an 22 Bealtaine 2023.

Scaipeadh clár oibre roimh an gcruinniú.

Fáilte

Chuir Patricia Cronin, an Cathaoirleach ar Fhóram Leas-Sealbhóirí an Rialálaí Carthanas, Helen Martin, Príomhfheidhmeannach an Rialálaí Carthanas, agus Patrick Hopkins, Cathaoirleach an Rialálaí Carthanas, fáilte roimh na comhaltaí den fhóram agus ghuigh siad gach rath orthu ina gcuid pléití agus cruinnithe amach anseo.

Cur in aithne ag na comhaltaí den fhóram agus ag na daoine a bhí i láthair

Chuir na comhaltaí den fhóram agus na hionadaithe ón Rialálaí Carthanas iad féin in aithne dá chéile.

Cairt an fhóraim leas-sealbhóirí

Rinne an fóram dréachtchairt an fhóraim leas-sealbhóirí a phlé agus a ghlacadh, rud inar leagadh amach na téarmaí tagartha don fhóram. Scaipeadh na téarmaí tagartha sin ar na comhaltaí roimh an gcruinniú.

An t-eolas is deireanaí ar shaincheisteanna tráthúla

Thug Thomas Mulholland, Ceann um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú laistigh den Rialálaí Carthanas, an t-eolas is deireanaí ar roinnt de na saincheisteanna carthanais a tháinig ar aird an Rialálaí, agus béim á leagan ar an riosca a chruthaíonn calaois atreorú íocaíochtaí do charthanais. Phléigh an fóram na gníomhartha atá á ndéanamh ag carthanais chun a bheith san airdeall ar chalaois. Phléigh siad freisin roinnt réimsí ina bhféadfadh an Rialálaí treoir a eisiúint.

Tuarascálacha bliantúla a chomhdú

Pléadh an dóigh a bhféadfaí feabhas a chur ar a mhéid a chomhlíonann an earnáil na ceanglais atá uirthi tuarascálacha bliantúla a chomhdú.

An chéad chruinniú eile de chuid an fhóraim

Tá an chéad chruinniú eile de chuid an fhóraim le cur ar siúl an 6 Samhain 2023.